Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9826/22**

**RHJ 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An caidreamh leis an Iordáin<br>- Seasamh an Aontais Eorpaigh don 14ú cruinniú den Chomhairle Comhlachais<br>(Amman, an 2 Meitheamh 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo seasamh an Aontais Eorpaigh don 14ú Comhairle Comhlachais AE-an Iordáin.

**AN 14Ú CRUINNIÚ DE CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN IORDÁIN (AMMAN, AN 2 MEITHEAMH 2022)**

**Ráiteas ón Aontas Eorpach**

1. Tráth thionól an **14ú cruinniú de Chomhairle Comhlachais AE-an Iordáin**, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé tiomanta don chomhpháirtíocht láidir idir an tAontas agus an Iordáin a fhorbairt a thuilleadh. Leagtar amach, i mBeartas athbhreithnithe Comharsanachta na hEorpa[1], sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 10-11 Nollaig 2020[2], sa Chlár Oibre don Réigiún Meánmhuirí maidir le Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt an 9 Feabhra 2021 agus sna conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin an 16 Aibreán 2021[3], tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais i ndáil le Comharsanacht an Deiscirt a bheidh daonlathach, níos cobhsaí, níos glaise agus níos rathúla.

2. **Tá comhpháirtíocht láidir fhrithpháirteach ag an Aontas Eorpach agus an Iordáin.** Léirítear sin leis an líon mór cruinnithe a reáchtáladh ó mhí an Mheithimh 2019 i leith, lena n-áirítear ar an leibhéal is airde, idir an Iordáin agus Institiúidí an Aontais Eorpaigh: idirphlé ar an leibhéal sinsearach i gcomhthéacs fóram iltaobhach agus réigiúnach, Coiste Comhlachais AE-an Iordáin i mBealtaine 2021 agus cruinnithe an Fhochoiste in 2020 agus in 2021 mar aon le comhchathaoirleacht Aontas na Meánmhara, cruinnithe a chuireann béim ar an tairbhe fhrithpháirteach a bhaineann lenár rannpháirtíocht leanúnach.

3. Cuimsítear i dTosaíochtaí na Comhpháirtíochta cuspóirí an **Chláir Oibre don Mheánmhuir**, atá nua, uaillmhianach agus nuálach agus a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le Comharsanacht an Deiscirt. Tacaíonn sí le cur chun feidhme éifeachtúil tráthúil thionscnaimh shuaitheanta an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta[4] lena neartófar comhpháirtíocht an Aontais le comharsana an Deiscirt, an Iordáin san áireamh, agus lena gcosnófar ár n-earraí coiteanna Meánmhara. Leis an gClár Oibre nua, cuirtear deiseanna ar fáil do chomhpháirtíochtaí nua maidir le tosaíochtaí straitéiseacha an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh lena gcuirfear leis an inbhuanaitheacht, leis an rathúnas agus leis an athléimneacht.

[1] JOIN(2015) 50 final an 18/11/2015.
[2] EUCO 22/20.
[3] JOIN(2021) 2 final.
[4] Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal *A Renewed Partnership with the Southern Neighbourhood - a New Agenda for the Mediterranean* [Comhpháirtíocht Athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt – Clár Oibre Nua don Mheánmhuir] – JOIN(2021)2 final an 9/2/2021

4. D'fhonn caidreamh láidir ilghnéitheach a fheabhsú a thuilleadh, tacaíonn Tosaíochtaí na Comhpháirtíochta le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Iordáin, a thabharfaidh treoir don chomhpháirtíocht. **Is léiriú comhúinéireachta iad Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin agus tá leabaithe iontu ár gcomhspriocanna maidir le limistéar comhchoiteann síochána, an daonlathas agus cearta an duine, an smacht reachta, an rathúnas agus cobhsaíocht.** Cuirtear ar fáil iontu an creat dár rannpháirtíocht pholaitiúil agus oibríochtúil atá leanúnach agus neartaithe, ach ag an am céanna ceadaítear leo solúbthacht chun oiriúnú do chúinsí athraitheacha.

5. Dá bhrí sin, geallann an tAontas agus an Iordáin go ndéanfaidh siad an t-idirphlé agus an comhar eatarthu i dtaca leis na trí **chuspóir atreisithe frithpháirteacha, mar a léirítear iad i dTosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin 2021-2027**, a dhoimhniú a thuilleadh: 1) An comhar a neartú maidir leis an gcobhsaíocht agus an tslándáil réigiúnach lena n-áirítear an fhrithsceimhlitheoireacht; 2) cobhsaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe, fás glas digiteach cuimsitheach eolasbhunaithe, cáilíocht an oideachais agus cruthú post cuibhiúil a chur chun cinn; agus 3) an dea-rialachas, an smacht reachta, athchóiriú daonlathach agus urraim do chearta an duine a neartú. Saothrófar comhar freisin maidir le roinnt **tosaíochtaí trasearnálacha** amhail an imirce agus an tsoghluaisteacht, lena n-áirítear cur chun feidhme breise na Comhpháirtíochta Soghluaisteachta. Leanfaidh an tAontas de thús áite a thabhairt do théarnamh iar-COVID-19 agus do chuimsiú eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil na ngrúpaí leochaileacha, na n-óg agus na mban, sna réimsí éagsúla rannpháirtíochta leis an Iordáin. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta cabhrú leis an Iordáin tacaíocht a chur ar fáil do dhídeanaithe a bhfuil cosaint á lorg acu san Iordáin agus athléimneacht na hIordáine a neartú.

6. **Ar thosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh do 2019-2024** (Clár Oibre Straitéiseach nua don Aontas 2019-2024[5]), lena dtabharfar aghaidh ar na príomhdhúshláin atá os comhair an Aontais, áirítear: an tAontas a athrú ina gheilleagar atá nua-aimseartha aeráidneodrach acmhainn-éifeachtúil iomaíoch (An Comhaontú Glas don Eoraip); an imirce, glacadh leis an gclaochlú digiteach trí infheistíocht a dhéanamh i ngnó, i dtaighde agus i nuálaíocht; caidreamh an Aontais le tíortha agus comhpháirtithe comharsanachta a threisiú; agus cearta bunúsacha agus an smacht reachta a chaomhnú ar fud an domhain. Is leis na tosaíochtaí sin, freisin, a mhúnlófar comhar an Aontais leis an Iordáin.

7. Cuirfidh an tAontas agus an Iordáin lena gcomhpháirtíocht. Aithníonn an tAontas a thábhachtaí atá cláir oibre na hIordáine maidir le hathchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch a chur chun feidhme, agus tá sé faoi réir chun tacú leis sin, i gcomhréir leis na moltaí ón gCoiste Ríoga um an gCóras Polaitiúil a Nuachóiriú, an Fís Náisiúnta agus an Straitéis Náisiúnta 'Jordan 2025' agus ar Chlár Feidhmiúcháin Táscach an Rialtais do 2021-2024.

[5] EUCO 9/19 an 20/6/2019

8. Ag **Comhdháil na Bruiséile VI maidir le Todhchaí na Siria agus an Réigiúin**, a reáchtáil an tAontas an 10 Bealtaine 2022, d'athdhearbhaigh an tAontas go n-admhaíonn sé, thar ceann an chomhphobail idirnáisiúnta, flaithiúlacht inmholta mhuintir agus údaráis na hIordáine agus tearmann á chur ar fáil acu do dhídeanaithe ón tSiria. Athdhearbhaíonn an tAontas nach bhfuil na dálaí ann chun dídeanaithe a chur ar ais ar bhealach sábháilte díniteach deonach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le caighdeáin na Náisiún Aontaithe. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an Iordáin ina cur chuige iomlánaíoch maidir le géarchéim na ndídeanaithe, agus gnéithe seachtracha na Teachtaireachta ón gCoimisiún Eorpach i ndáil leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann[6] á dtabhairt ar aird aige, agus an tionchar is mó is féidir á bhaint amach aici, lena n-áirítear ó thaobh na bpríomhghealltanas frithpháirteach ón gcomhdháil sin agus ó na comhdhálacha a bhí ann roimhe seo. Leanfaidh an tAontas de chúnamh a thabhairt don Iordáin chun tacaíocht a chur ar fáil do dhídeanaithe agus do phobail óstacha leochaileacha a bhfuil cosaint agus cúnamh á lorg acu san Iordáin agus chun athléimneacht agus comhtháthú sóisialta na hIordáine a neartú ag an am céanna, lena n-áirítear rannpháirtíocht leanúnach chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a mhaolú. Leanfaidh an tAontas agus an Iordáin d'obair a dhéanamh i dtreo réitigh inmharthanacha do dhídeanaithe agus pobail óstacha trí, *inter alia*, thacaíocht bhreise a thabhairt do chuir chuige náisiúnta cuimsitheacha maidir le ceapadh beartas agus clársceidealú ó thaobh rochtain ar dheiseanna oibre, seirbhísí sóisialta, oideachas, slite beatha agus neamhthuilleamaíocht. Is é an comhdhearcadh atá againn go gceadófar leis sin cuir chuige cuimsitheacha níos inbhuanaithe agus geilleagar agus sochaí níos athléimní.

9. Ag Comhdháil na Bruiséile V in 2021, gheall an comhphobal idirnáisiúnta EUR 5.3 billiún do 2021 agus níos faide anonn. As an méid sin gheall an tAontas €3.7 billiún agus tháinig €1.12 billiún ón gCoimisiún Eorpach agus €2.6 billiún ó Bhallstáit an Aontais. Is é an tAontas ina iomláine an deontóir is mó i gcónaí. Tá €24.9 billiún de chúnamh daonnúil, cobhsaíochta agus athléimneachta curtha ar fáil aige go comhpháirteach ó thosaigh an ghéarchéim in 2011 chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a d'eascair aisti. Ó thosaigh an ghéarchéim sa tSiria, tá €3.5 billiún leithdháilte ag an Aontas ar an Iordáin; tá €1.2 billiún de sin leithdháilte aige mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria, lena n-áirítear cúnamh daonnúil agus tacaíocht d'athléimneacht na bpobal óstach leochaileach agus na ndídeanaithe ón tSiria, go háirithe trí Chiste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria agus ba chúnamh déthaobhach €1.3 billiún den mhéid sin.

10. Tá an tAontas lántiomanta i gcónaí do thacaíocht pholaitiúil agus airgeadais a thabhairt do **Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha** (UNRWA), ar gníomhaireacht í atá ríthábhachtach chun freagairt do riachtanais forbartha daonna agus chosanta na ndídeanaithe Palaistíneacha. I ndáil leis sin, shínigh an tAontas agus UNRWA Dearbhú Comhpháirteach an 17 Samhain 2021[7]. Is mór ag an Aontas ról na hIordáine maidir le tacaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn do UNRWA, agus maidir le dídeanaithe Palaistíneacha agus ceanncheathrú UNRWA a óstáil. Tugann an tAontas dá aire freisin gur doiligh fós staid na ndídeanaithe Palaistíneacha agus UNRWA féin. Aithníonn an tAontas an rannchuidiú ríthábhachtach a dhéanann an Iordáin, agus is mór aige é, chun an tslándáil, an chobhsaíocht agus an fhorbairt a chothabháil sa réigiún, mar a léiríodh lena tiomantas seanbhunaithe do phróiseas síochána an Mheánoirthir agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh aici na hiarmhairtí daonnúla a d'eascair as na géarchéimeanna sa tSiria, san Iaráic agus sa Liobáin a mhaolú.

---

[6] COM (2020) 609 final an 23/9/2020

[7] Dearbhú comhpháirteach idir an tAontas agus UNRWA maidir le tacaíocht an Aontais do UNRWA (2021-2024).

11. Molann an tAontas iarrachtaí na hIordáine maidir leis an bhfreagairt sláinte ar COVID-19 lena n-áirítear maidir leis na dídeanaithe atá á n-óstáil ag an Iordáin. Tá tacaíocht tugtha ag an Aontas don **phlean ullmhachta agus freagartha náisiúnta maidir le COVID-19** san Iordáin, lena rannchuidítear leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí thacú le seirbhísí cúraim sláinte atá ar ardchaighdeán, cothrom agus inacmhainne a chur ar fáil do dhídeanaithe ón tSiria agus d'Iordáinigh leochaileacha, agus trí chúnamh a thabhairt don Aireacht Sláinte dul i ngleic leis an bpaindéim. Thug an tAontas cúnamh don Aireacht Sláinte gnáthvacsaíní imdhíonta a sholáthar do 20% den daonra a bhfuil cónaí orthu san Iordáin don bhliain 2021. Thacaigh an tAontas le soláthar 438,000 dáileog de vacsaíní COVID-19 tríd an tSaoráid COVAX, arna gcistiú faoi Chiste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh, mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria, rud a fhágann go bhfuil an Iordáin ar cheann de na chéad tíortha ar domhan a chuir vacsaíní COVID-19 ar fáil do dhídeanaithe. **Agus é ag cabhrú leis an Iordáin aghaidh a thabhairt ar thionchar na paindéime**, chuir an tAontas €418 milliún ar fáil le haghaidh freagairt éigeandála, chun an córas cúraim sláinte a neartú agus chun dul i ngleic leis an tionchar socheacnamaíoch. Molann an tAontas don Iordáin deireadh a chur go tapa leis na horduithe cosanta tráth a dhéanfar srianta COVID-19 in earnálacha eacnamaíocha a mhaolú.

12. Maidir leis an **bhfogha míleata atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin**[8], cháin an tAontas go neamhbhalbh an fogha míleata gan chúis ná údar sin a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe go mór agus a bhaineann an bonn de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. Éilíonn an tAontas go gcuirfeadh an Rúis deireadh láithreach leis na gníomhaíochtaí míleata atá ar siúl aici, go dtarraingeodh sí siar gan choinníoll ó chríoch na hÚcráine ina hiomláine na fórsaí agus an trealamh míleata uile, agus go n-urramódh sí iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine. Is olc leis an Aontas an bás tubaisteach agus an fhulaingt dhaonna atá mar thoradh ar an bhfogha atá tugtha ag an Rúis. B'éigean do na milliúin daoine teitheadh óna mbaile mar thoradh ar an bhfogha míleata atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin.

12bis. I bhfianaise an mhéid sin, is díol sásaimh don Aontas an tacaíocht a thug an Iordáin do na rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2022[9] agus an 24 Márta 2022[10] inar éilíodh go gcuirfeadh an Rúis deireadh láithreach leis an bhfogha míleata atá á thabhairt aici faoin Úcráin agus inar iarradh go dtabharfaí cosaint shibhialta agus rochtain dhaonnúil san Úcráin. Tá muinín ag an Aontas Eorpach go leanfaidh an Iordáin de thacaíocht a thabhairt i bhfóraim iltaobhacha i ndáil leis an méid sin agus molann sí don Iordáin an fogha míleata atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin a cháineadh.

13. Is údar imní don Aontas bréagaisnéis stát-urraithe na Rúise agus an ionramháil ollmhór faisnéise atá a déanamh aici , a úsáideann sí chun údar cuí a thabhairt don fhogha míleata atá á thabhairt aici faoin Úcráin agus chun an bonn a bhaint de sheasamh an Aontais maidir leis an tsaincheist sin trí fhíricí a shaobhadh agus a ionramháil go mór. Is cúis mhór imní é go bhfuil bréaginsintí á scaipeadh go forleathan sna meáin agus sna líonraí sóisialta san Araibis ar fud an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh, lena n-áirítear an Iordáin. Tá an tAontas faoi réir chun a chleachtais agus a shaineolas a chomhroinnt leis an Iordáin agus leis na comhpháirtithe uile maidir leis an mbréagaisnéis ar son na Creimile a chomhrac.

[8] EUCO 18/22 an 24/2/2022 agus EUCO 1/22 an 25/3/2022.
[9] Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe GA/12407 an 2/3/2022.
[10] Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe GA/12411 an 24/3/2022.

***An comhar a neartú maidir leis an gcobhsaíocht agus an tslándáil réigiúnach lena n-áirítear an fhrithsceimhlitheoireacht***

14. Athdhearbhaíonn an tAontas gur mór aige an ról gníomhach taidhleoireachta atá ag an Iordáin, lena n-áirítear a rannpháirtíocht chuiditheach éifeachtach laistigh de na **Náisiúin Aontaithe**, chun leas an domhain, an iltaobhachais agus an oird riailbhunaithe. Is comhpháirtithe daingne iad an tAontas agus an Iordáin sa bheartas eachtrach agus slándála agus díreoidh siad ar an gcomhar a neartú maidir le cobhsaíocht agus slándáil réigiúnach, lena n-áirítear an fhrithsceimhlitheoireacht.

15. Molann an tAontas an ról cuiditheach atá á imirt ag an Iordáin mar chomhuachtarán ar an Aontas don Réigiún Meánmhuirí ó 2012 i leith. Leanfaidh an tAontas agus an Iordáin de bheith ag obair le chéile ar bhealach cuiditheach mar chomh-uachtaránachtaí an Aontais don Réigiún Meánmhuirí chun comhpháirtíocht láidir a chothú ar fud na Meánmhara. Tá meon na húinéireachta méadaithe ag an Aontas don Réigiún Meánmhuirí agus tá réitigh fhóinteacha forbartha aige chun dul i ngleic le dúshláin chomhchoiteanna agus chun deiseanna comhchoiteanna a chruthú i réimsí ríthábhachtacha amhail an comhshaol agus bainistiú uisce, cruthú fostaíochta cuibhiúla, cuimsiú na n-óg agus cumhachtú na mban.

16. Aithníonn an tAontas **an ról straitéiseach atá ag an Iordáin maidir le cobhsaíocht an réigiúin** agus leanfaidh sé de bheith ag comhordú go gníomhach leis an Iordáin agus réiteach cóir cuimsitheach ar an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín á saothrú acu, bunaithe ar an réiteach dhá stát lena gcuirfí deireadh leis an bhforghabháil, agus iad ag maireachtáil, Stát Iosrael agus Stát na Palaistíne atá neamhspleách, daonlathach, comhtheagmhálach, ceannasach agus inmharthana, , taobh le taobh, faoi shíocháin, slándáil agus aitheantas frithpháirteach, agus Iarúsailéim mar phríomhchathair an dá stát amach anseo. Leanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát d’urraim a thabhairt don chomhdhearcadh idirnáisiúnta maidir le hIarúsailéim atá sna rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), lena n-áirítear Rún 478 ó CSNA, go dtí go réiteofar stádas críochnaitheach Iarúsailéim. Meabhraítear don Aontas tábhacht shonrach na suíomhanna beannaithe agus iarrann sé go láidir go seasfaí leis an status quo a cuireadh i bhfeidhm in 1967 do Haram al-Sharif/Cnoc an Teampaill i gcomhréir lenar comhaontaíodh roimhe seo i ndáil le ról speisialta na hIordáine, a aithnítear freisin i gConradh Síochána 1994 idir an Iordáin agus Iosrael.

16bis. Is díol sásaimh don Aontas an comhar tríthaobhach idir an Iordáin, an Éigipt agus an Iaráic agus a mhéid a chuireann sin leis an gcobhsaíocht réigiúnach.

17. Athdhearbhaíonn an tAontas gur den ríthábhacht teacht ar réiteach polaitiúil a bheidh inmharthana, inchreidte agus cuimsitheach ar **ghéarchéim na Siria** i gcomhréir le *communiqué* na Ginéive agus le gach gné de Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus leanfaidh sé de bheith ag obair leis an Iordáin chun é a chur chun feidhme. An 24 Eanáir 2022, d'athdhearbhaigh Comhairle Gnóthaí Eachtracha an Aontais nach bhféadfaí aon normalú, aon díchur smachtbhannaí ná aon atógáil a dhéanamh go dtí go nglacfadh réimeas na Siria páirt i réiteach polaitiúil ar an gcoinbhleacht. Leanann an tAontas de bheith ag iarraidh go n-urramófaí an comhaontú maidir leis an lasair a bhaint den bharrach san Iarthuaisceart, go mbeadh cobhsaíocht ann i nDeisceart na Siria (rud atá ríthábhachtach don Iordáin), go gcosnófaí sibhialtaigh agus go dtabharfaí rochtain dhaonnúil shábháilte inbhuanaithe gan bhac. Iarrann an tAontas freisin go ndéanfaí oirthuaisceart na Siria a chobhsú agus meabhraítear dó go bhfuil sé lántiomanta go hiomlán don troid i gcoinne athbheochan Da'esh trí ghníomhaíocht na comhghuaillíochta domhanda in aghaidh Da'esh. Ach a laghdófar an foréigean, cuirfear leis an tacaíocht don phróiseas polaitiúil sa Ghinéiv, próiseas atá á éascú ag na Náisiúin Aontaithe, chun teacht ar réiteach marthanach ar an gcoinbhleacht. Aithníonn an tAontas na hábhair imní atá ag an Iordáin, go háirithe a mhéid a bhaineann le smuigleáil drugaí. Ag an am céanna, leanann an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí Thoscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe, Pederson, lena n-áirítear an beartas '*steps-for-steps*' atá molta aige.

17bis. Agus aitheantas á thabhairt aige don cheart atá ag dídeanaithe ón tSiria filleadh go sábháilte, go deonach agus le dínit ar a mbaile féin nuair a bheidh na dálaí ann maidir le filleadh i bhfeidhm mar atá leagtha síos ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), leanfaidh an tAontas den chomhar a chur chun cinn sa réigiún ar mhaithe le muintir uile na Siria. Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil na dálaí sin ann i láthair na huaire, mar gheall ar sháruithe leanúnacha an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus sáruithe eile chearta an duine, chun dídeanaithe a chur ar ais i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Admhaíonn an tAontas an ról ríthábhachtach, maidir le dídeanaithe ón tSiria a theith ón gcoinbhleacht a óstáil, atá ag an Iordáin agus ag tíortha eile freisin agus molann sé an rialtas agus muintir na hIordáine a d'óstáil Siriaigh le blianta fada anuas. Molann an tAontas don Iordáin leanúint de chur chuige cuimsitheach a bheith aici maidir le dídeanaithe ón tSiria a óstáil.

18. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Iordáin fós neamhchosanta ar bhagairtí ón **sceimhlitheoireacht** agus ón antoisceachas foréigneach. Is díol sásaimh don Aontas cur chuige ilghnéitheach na hIordáine, lena n-áirítear a bheith rannpháirteach sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda in aghaidh Da'esh, a leanann de bheith ag feidhmiú i bhfoirm ceannairce san Iaráic, sa tSiria agus, trína chleamhnachtaí, i limistéir eile ar fud an domhain, san Afraic agus san Áise, cé gur chaill sé a ghné chríochach. Is mór ag an Aontas freisin an ról atá ag an Iordáin chun an Cosc ar an Antoisceachas Foréigneach a chur chun cinn laistigh de na Náisiúin Aontaithe. Molann an tAontas an Iordáin, agus go háirithe a Shoilse Rí Abdullah II, as Próiseas Aqaba agus a thiomantas do Ghairm chun Gnímh Christchurch. Dearbhaíonn an tAontas an athuair nach mór gach beart frithsceimhlitheoireachta a dhéanamh i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe[11].

---

[11] Conclúidí ón gComhairle maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, 15/6/2020 8868/20.

19. Leanfaidh an tAontas agus an Iordáin de bheith ag obair le chéile chun **an t-antoisceachas foréigneach** a chosc agus **a chomhrac**, go háirithe i measc daoine óga agus leanaí. Molann an tAontas don Iordáin aghaidh a thabhairt go leanúnach ar na nithe is cúis leis an radacú trí chur chuige na sochaí ina hiomláine. Iarrann an tAontas ar an Iordáin a creat rialála agus institiúideach a neartú chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac chun na heasnaimh a shainaithin an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair 2021 a leigheas go pras agus chun cloí leis na caighdeáin idirnáisiúnta um fhrithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Leanfaidh an tAontas de chúnamh a thabhairt don Iordáin maidir leis sin agus cuirfidh sé cúnamh teicniúil agus saineolas ar fáil tríd an tSaoráid Dhomhanda um fhrithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac d'fhonn an Iordáin a dhíliostú go tapa. Molann an tAontas d'údaráis na hIordáine dul i mbun caibidlíochta le Europol maidir le Socrú Oibre, chun comhar struchtúrtha a éascú, chomh maith le tús a chur le caibidlíocht leis an gCoimisiún Eorpach maidir le comhaontú idirnáisiúnta lena gcuirfear ar chumas Europol agus na hIordáine sonraí pearsanta a mhalartú.

20. Tá an tAontas tiomanta feabhas a chur ar a thacaíocht don Iordáin maidir leis na saincheisteanna uile a bhaineann le **bainistiú comhtháite teorainneacha**, lena n-áirítear d'fhonn teorainneacha seachtracha na hIordáine a chobhsú agus bagairt na gáinneála ar dhrugaí sa réigiún a chomhrac, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe. Leanfaidh an tAontas agus an Iordáin de bheith ag obair i gcomhar le chéile i réimse na slándála eitlíochta.

***Cobhsaíocht Eacnamaíoch Inbhuanaithe, Fás Glas Digiteach Cuimsitheach Eolasbhunaithe, Cáilíocht an Oideachais agus Cruthú Post Cuibhiúil a Chur Chun Cinn***

21. Chuir **paindéim COVID-19** brú breise ar na hearnálacha sláinte, oideachais agus eacnamaíocha. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair leis an Iordáin ina hiarrachtaí téarnaimh i ndiaidh na géarchéime, ag leagan béim ar chlaochlú glas agus digiteach, ag cur leis an athléimneacht agus ag cruthú rathúnais agus deiseanna cuibhiúla oibre ar bhealach cuimsitheach. An 16 Feabhra 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach cinneadh cur chun feidhme lena n-aithnítear deimhnithe vacsaínithe na hIordáine mar dheimhnithe coibhéiseacha, agus lenar nascadh an tír le córas an Aontais maidir le Deimhniú Digiteach COVID.

22. Molann an tAontas don Iordáin athchóirithe eacnamaíocha agus riaracháin a chur chun feidhme go héifeachtach, agus athdhearbhaíonn sé a thacaíocht maidir leis an méid sin, agus go bhfuil sé toilteanach oibriú i ndlúthchomhar le deontóirí Eorpacha agus institiúidí idirnáisiúnta airgeadais chun an tacaíocht chomhchoiteann a chomhordú agus a ailíniú a thuilleadh chun cabhrú leis an Iordáin dul chun cinn tráthúil nithiúil a dhéanamh ina cuid tosaíochtaí athchóirithe. Chun na críche sin freisin, ba cheart leas iomlán a bhaint as na cineálacha éagsúla deiseanna cúnaimh airgeadais a chuireann an tAontas ar fáil dá chomhpháirtithe comharsanachta.

23. Molann an tAontas don Iordáin na hathchóirithe struchtúracha is mó a bhfuil géarghá leo a chur chun feidhme, trí chomhordú feabhsaithe idir-aireachta agus le tacaíocht leanúnach an Aontais, lena ndíreofar ar fheabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí agus bainistiú acmhainní, ar chuntasacht agus trédhearcacht, agus ar fheabhas a chur ar thimpeallacht an ghnó agus na hinfheistíochta agus ar phoist a chruthú, go háirithe don óige agus do mhná, lena n-áirítear in earnálacha eolasbhunaithe. Is gnéithe bunriachtanacha iad an tslándáil shóisialta, coinníollacha córa saothair agus pá chun slite beatha a chosaint agus chun borradh a chur faoin earnáil phríobháideach agus faoi infheistíochtaí; ba cheart an méid sin a léiriú sna leasuithe atá le teacht ar dhlí an tsaothair.

24. Molann an tAontas tionscnaimh, agus tugann sé tacaíocht dóibh, lena bhféachtar le **rannpháirtíocht na mban** sa saol poiblí a mhéadú**,** an geilleagar agus an pholaitíocht ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta san áireamh, lena n-áirítear cur lena líon sa lucht saothair agus i measc lucht déanta cinntí, agus tugann sé dá aire an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais 2021-2025 um chomhionannas inscne agus cumhachtú na mban sa ghníomhaíocht sheachtrach[12]**.** Is céim thábhachtach é sin i gcur chun cinn an chomhionannais inscne agus is dócha go méadóidh sé leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche agus go gcuirfidh sé le fás eacnamaíoch na hIordáine. Tugann an tAontas dá aire an tábhacht ar leith atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag an obair a dhéanann gníomhaithe chun tacú le cearta na mban agus chun comhionannas inscne a chur chun cinn. Is díol sásaimh don Aontas Straitéis Náisiúnta 2020-2025 do Mhná san Iordáin agus na leasuithe a rinneadh ar an mbunreacht in 2022, agus molann sé don Iordáin cearta comhionanna, rannpháirtíocht eacnamaíoch agus cumhachtú sóisialta na mban a chur chun cinn. Iarrann an tAontas ar an Iordáin an comhionannas inscne a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhul chun cinn sa chreat reachtach, trí chur chun feidhme praiticiúil na ndlíthe náisiúnta agus trí athchóirithe a dhéanamh ar mhargadh an tsaothair chun dul i ngleic le bacainní ar fhostaíocht na mban agus na hóige, agus tá sé faoi réir chun tacú leis an Iordáin agus í ag iarraidh sin a dhéanamh.

25. Tar éis an dá chlár rathúla de **chúnamh macrairgeadais** leis an Iordáin, arbh fhiú EUR 180 milliún agus EUR 200 milliún iad, a eisíocadh go hiomlán in 2015 agus 2019 faoi seach, chuir an tAontas EUR 700 milliún ar fáil don Iordáin i gcúnamh macrairgeadais in 2020. Áirítear sa tsuim sin EUR 200 milliún sa bhreis mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus é sin anuas ar EUR 500 milliún den tríú clár de chúnamh macrairgeadais atá comhaontaithe cheana féin, mar chuid den tacaíocht mhéadaithe ón Aontas don Iordáin. Rinneadh an chéad dá thráinse de EUR 250 milliún an ceann, a eisíoc i mí na Samhna 2020 agus i mí Iúil 2021 faoi seach. Beidh an tríú tráinse de EUR 200 milliún ar fáil go dtí mí Aibreáin 2023. Tá an cúnamh macrairgeadais ag brath ar shraith beart athchóirithe struchtúraigh i réimsí an bhainistithe airgeadais phoiblí, na bhfóntas, an bheartais shóisialta agus mhargadh an tsaothair, agus an rialachais, a comhaontaíodh le húdaráis na hIordáine i Meabhrán Tuisceana. Tá sé sin tábhachtach chun athchóirithe a spreagadh a dhéanfaidh geilleagar na tíre níos athléimní agus níos oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os a comhair.

[12] Teachtaireacht Chomhpháirteach JOIN(2020) 17 final an 25/11/2020.

26. Leanfaidh an tAontas **d’fheabhas a chur ar an trádáil dhéthaobhach agus ar an gcaidreamh infheistíochta** leis an Iordáin, mar mhodh tábhachtach don infheistíocht, don fhás agus do chruthú post. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Iordáin agus í ag iarraidh feabhas a chur ar a feidhmíocht onnmhairiúcháin trí bhorradh a chur faoina cumas ginearálta onnmhairiúcháin agus faoina hiomaíochas agus trí chomhtháthú níos dlúithe a bhaint amach i slabhraí luacha domhanda. Chun na críche sin, tacóidh an tAontas leis an Iordáin sna hiarrachtaí atá á ndéanamh aici chun cabhrú le táirgeoirí na hIordáine ceanglais shonracha theicniúla, shláintíocha agus fíteashláintíochta a chomhlíonadh, rud a chuirfidh ar chumas oibreoirí gnó leas níos iomláine a bhaint as an rochtain fhabhrach ar mhargadh an Aontais atá ag an Iordáin cheana féin. Á mheabhrú dó a thábhachtaí atá sé an Limistéar Saorthrádála arna bhunú faoin gComhaontú Comhlachais a chur chun feidhme mar is ceart, lena n-áirítear trí thimpeallacht rialála thrédhearcach agus intuartha a áirithiú d’oibreoirí eacnamaíocha, tá an tAontas réidh chun féachaint ar smaointe le haghaidh céimeanna breise chun trádáil agus infheistíocht dhéthaobhach a éascú go frithpháirteach, lena n-áirítear an Limistéar Saorthrádála atá ann cheana a dhoimhniú.

27. Molann an tAontas an Iordáin as a hiarrachtaí, agus tathantaíonn sé uirthi leanúint de na hiarrachtaí sin, chun rochtain agus rannpháirtíocht na ndídeanaithe i margadh foirmiúil an tsaothair a éascú ar bhealach cuimsitheach. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn mór a rinneadh chun 62,000 cead oibre – an líon is airde riamh – a chlárú do dhídeanaithe as an tSiria in 2021 agus iarrann sé ar an Iordáin féachaint an bhféadfaí earnálacha breise a oscailt chun go mbeidh dídeanaithe in ann páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair, rud a rachadh chun tairbhe don dá thaobh. Ina theannta sin, molann an tAontas don Iordáin leanúint d’iarrachtaí a dhéanamh líon na ndídeanaithe gan doiciméid a laghdú. Molann an tAontas don Iordáin dlús a chur le hiarrachtaí chun leanúint den scéim i dtaca le rialacha maolaithe tionscnaimh a chur chun feidhme, chun na tairbhí a bhaineann léi d’infheisteoirí a d’fhéadfadh a bheith ann san earnáil phríobháideach a phoibliú, agus chun tionscnaimh níos ginearálta lena bhfeabhsaítear timpeallacht na hinfheistíochta a chur chun cinn, ar dócha go mbeadh tairbhí níos leithne ag baint leo freisin don gheilleagar seachas an tionscnamh i dtaca le rialacha tionscnaimh. I ndlúthchomhar le húdaráis na hIordáine, beidh an tAontas i gcónaí toilteanach féachaint ar bhealaí intomhaiste eile ó thaobh na fostaíochta de i ndáil leis an scéim, agus dálaí oibre cothroma á gcur san áireamh.

28. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a chur ar fáil do bheartais agus cláir a cheaptar chun feabhas a chur ar an rochtain **ar oideachas agus ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint is fearr a oireann do mhargaí an tsaothair**, agus ar cháilíocht an oideachais agus an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna sin, lena gcuirtear béim ar an smaointeoireacht anailíseach, ar an bhfiontraíocht, ar fhorbairt na hearnála príobháidí agus ar theicneolaíochtaí nua, go háirithe d’fhonn deiseanna fostaíochta daoine óga a fheabhsú.

29. Den mheon céanna, saothrófar **soghluaisteacht** mhéadaithe **mac léinn agus foirne** chomh maith le tionscadail fothaithe acmhainneachta trí Erasmus+ agus trí chláir eile. Is díol sásaimh don Aontas go háirithe an rath a bhí ar ollscoileanna na hIordáine maidir leis an sraith Fothú Acmhainneachta de chlár Erasmus+ go dtí 2020, agus tá sé ag tnúth le leibhéal maith rannpháirtíochta sa chlár nua ó 2021 ar aghaidh, clár a chuirfidh deiseanna ar fáil do eagraíochtaí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna chomh maith le heagraíochtaí don aos óg san Iordáin agus san Eoraip comhoibriú lena chéile.

30. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair go dlúth leis an Iordáin chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh comhionannas deiseanna gan eisceacht ag gach leanbh, idir chailíní agus bhuachaillí, a bhfuil cónaí orthu sa tír freastal ar scoil agus bun**oideachas ar ardchaighdeán** a fháil. Tá tacaíocht thábhachtach curtha ar fáil ag an Aontas chun scoileanna a thógáil, chun ligean do dhaltaí Siriacha clárú sa chóras oideachais fhoirmiúil agus chun múinteoirí a fhostú agus oiliúint a chur orthu. Tá an tAontas faoi réir chun tacú le hiarrachtaí chun an curaclam oideachais a fhorbairt agus a nuachóiriú, lena n-áirítear i bhfianaise na leasuithe bunreachtúla, agus go háirithe chun oideachas sibhialta leanaí a chur chun cinn, chun iad a ullmhú le bheith gníomhach agus freagrach mar shaoránaigh, agus ar an gcaoi sin a bheith ar aon dul leis na hiarrachtaí chun an córas polaitiúil san Iordáin a nuachóiriú.

31. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí comhtháthú **an taighde agus na nuálaíochta** san oideachas agus sna cláir oiliúna agus oideachais teicneolaíochta agus gairme a fheabhsú, agus sna hinfheistíochtaí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach freisin. Beidh tionchar dearfach ag comhar méadaithe idir ionaid taighde agus nuálaíochta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ar iomaíochas na hIordáine. Molann an tAontas don Iordáin lánúsáid a bhaint as an gclár Fís Eorpach, as an tsoghluaisteacht taighde agus as tionscnaimh chomhpháirtíochta, agus molann sé di a bheith rannpháirteach i gclár Eoraip na Cruthaitheachta den Aontas.

32. Is díol sásaimh don Aontas gur síníodh an 11 Nollaig 2018 an Socrú Cur Chun Feidhme i dtaca le rannpháirtíocht na hIordáine sa **Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara** lena gcuirtear ar chumas na hIordáine clár oibre uaillmhianach a chomhtháthú le haghaidh taighde a mhaoinítear go comhpháirteach i bpríomhréimsí bainistithe uisce agus an gaol atá aige sin leis an talmhaíocht agus le táirgeadh bia.

33. Is díol sásaimh don Aontas leas na hIordáine sa chomhar spáis lena n-áirítear Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (*EGNOS*)/Galileo, agus tá sé ag tnúth le dul i mbun caibidlíochta chun clúdach EGNOS a shíneadh chuig an Iordáin agus an réigiún máguaird.

34. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Iordáin maidir lena rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta a chur chun feidhme. Is príomhthosaíocht de chuid an Aontais i gcónaí é an t-athrú aeráide a chomhrac. Is céimeanna tábhachtacha iad na bearta a glacadh go dtí seo, lena n-áirítear an Plean maidir le Fás Glas, san aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus aeráidneodrach. Tá an tAontas ag iarraidh an comhar leis an Iordáin a neartú chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus borradh a chur faoi bheartais téarnaimh ghlasa. Méadú ar chumais oiriúnaithe don athrú aeráide agus laghdú rioscaí tubaiste, chomh maith le díghrádú an chomhshaoil a chomhrac, a bheidh ina dtosaíochtaí don ghníomhaíocht chomhpháirtíocht san Iordáin. Is mian leis an Aontas leanúint de bheith rannpháirteach ar bhonn gníomhach sna réimsí seo a leanas: an fuinneamh inathnuaite agus an éifeachtúlacht fuinnimh (ailínithe leis an straitéis maidir le hearnáil fuinnimh na hIordáine 2020-2030), idirnaisc na n-eangach leictreachais, agus an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá slán agus inbhuanaithe. Tacaíonn an tAontas le fás atá tíosach ar acmhainní, le bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus leis an gclár oibre maidir le **fás glas** san Iordáin. Atreiseoidh an tAontas an rannpháirtíocht straitéiseach le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus leis an earnáil phríobháideach chun tacú le deiseanna infheistíochta inbhuanaithe a fhorbairt i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta. Comhoibreoidh an tAontas leis an Iordáin chun taighde nuálach agus réitigh eolasbhunaithe a chothú maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus i ndáil leis an aistriú chuig fuinneamh glan slán inbhuanaithe a chur chun cinn.

35. Tacaíonn an tAontas le **príomhshruthú comhshaoil** laistigh d'earnálacha forbartha, go háirithe soláthar uisce, lena n-áirítear cóireáil agus líonraí fuíolluisce, bainistiú dramhaíola soladaí agus feidhmeanna fuinnimh ghlais. Agus aitheantas á thabhairt aige don tábhacht a bhaineann le slándáil uisce san Iordáin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé toilteanach oibriú i gcomhar leis an Iordáin chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht bhainistiú na n-acmhainní uisce a fheabhsú a thuilleadh agus dá réir sin, a thacaíocht do Thionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le 'Bainistiú Uisce Inbhuanaithe' agus, laistigh den mhéid sin, tionscadal **Aqaba-Amman i dtaca le Díshalannú agus Tíolacas Uisce** a chur chun feidhme. Is cúis áthais don Aontas an toradh dearfach a bhí ar an gcomhdháil gealltanais maidir leis an tionscadal sin an 31 Márta 2022 agus, sa bhreis ar an ngealltanas a fógraíodh ag an ócáid sin, tá sé tiomanta i gcónaí tacaíocht bhreise a thabhairt dó. Sa chomhthéacs áirithe sin, molann an tAontas bainistiú fónta uisce trí roinnt athchóirithe earnála a dhéanamh i gcomhthráth nó a réamhdhéanamh chun éifeachtúlacht agus inmharthanacht an tionscadail a áirithiú: athshlánú náisiúnta na heangaí uisce, athchóiriú praghsála agus athchóiriú talmhaíochta chun dramhaíl uisce a laghdú agus tá sé faoi réir chun tacú. Athdhearbhaíonn an tAontas freisin go dtacaíonn sé le tionscadail réigiúnacha a d'fhéadfadh a bheith chun sochair na Palaistíne freisin de mheon an comhar réigiúnach a chothú (e.g. Droichead Rí Hussein a fheabhsú). Is díol sásaimh don Aontas freisin comhaontú na hIordáine maidir le 'Ardán Infheistíochta an Aontais-na hIordáine' a bhunú - fóram is ea é chun tionscadail infheistíochta a bheidh ann amach anseo a shainaithint agus a ullmhú, i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta na hIordáine agus i gcomhar le deontóirí déthaobhacha agus iltaobhacha lena gcuirfí ar chumas na hIordáine leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil faoi Ardán Infheistíochta an Bheartais Comharsanachta agus as an gcóras nua lena ráthaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+).

***An Dea-Rialachas, an Smacht Reachta, Athchóiriú Daonlathach agus Urraim do Chearta an Duine a Neartú***

36. Tá an urraim do **phrionsabail an daonlathais, do shaoirsí bunúsacha agus do chearta an duine** ar cheann de phríomhcholúin an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Iordáin. Tá meas mór i gcónaí ag an Aontas ar an idirphlé leanúnach ar an leibhéal polaitiúil agus ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach agus leanfaidh sé de spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí an smacht reachta a chur chun cinn, trédhearcacht a fheabhsú agus institiúidí éifeachtacha agus cuntasacha a bhunú, agus cearta an duine á gcosaint agus á gcur chun cinn do chách ag an am céanna. Ba dhíol sásaimh don Aontas tuilleadh comhair a dhéanamh leis an Iordáin i ndáil leis an méid sin. Molann an tAontas na hiarrachtaí atá á ndéanamh córas breithiúnach éifeachtach, neamhspleách agus dea-fheidhmiúil a chur chun cinn, ar córas é ar cheart leanúint de, fad a leanfaidh an tAontas de bheith ag obair leis an Iordáin chun leathnú an chórais cúnaimh dhlíthiúil a spreagadh, agus é ag tacú freisin le ról na sochaí sibhialta ann. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Iordáin maidir lena Straitéis um Athchóiriú Ceartais a chur chun feidhme, lena n-áirítear tríd an gcomhéadan a chur chun cinn idir an smacht reachta agus an tslándáil, agus comhar breithiúnach idirnáisiúnta. I bhfianaise an mhéid sin, cuireann an tAontas i dtreis gur gá trédhearcacht agus coimircí dlíthiúla a áirithiú ag gach céim de thrialacha coiriúla, lena n-áirítear i gcúirteanna slándála an stáit, agus gur gá freisin cosaintí dlíthiúla a thabhairt isteach nuair a chuirtear coinneáil riaracháin i bhfeidhm, á thabhairt dá aire dó gur gá teorainn a chur le húsáid na coinneála riaracháin agus maoirseacht bhreithiúnach a chur ar fáil i gcásanna den sórt sin.

37. Is díol sásaimh don Aontas na cuspóirí a chuir ceannaireacht na hIordáine ar aghaidh maidir le **nuachóiriú polaitiúil, ról na Parlaiminte a neartú** agus **córas páirtithe polaitiúla** a chur chun cinn sa tír. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas na moltaí ón gCoiste Ríoga um an gcóras polaitiúil a nuachóiriú agus tá sé faoi réir chun tacú lena gcur chun feidhme i gcás inar féidir. Measann an tAontas go ngabhann tábhacht le cuimsiú na n-óg agus na mban agus molann sé go ndéanfaí iarrachtaí breise chun a áirithiú go mbeidh na hinstitiúidí go hiomlán ionadaíoch. Tugann an tAontas dá aire a thábhachtaí atá rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil agus, i ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh dó gur glacadh na dlíthe maidir le páirtithe polaitiúla agus toghcháin agus tá sé ag tnúth lena gcur chun feidhme; tá an tAontas faoi réir chun tacú le cláir oideachais shibhialta i gcomhar leis an Aireacht Oideachais. Measann an tAontas go bhfuil sé tábhachtach freisin an tsaoirse tuairimíochta, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse comhthionóil shíochánta a choimirciú chomh maith le ról ríthábhachtach na meán, na n-iriseoirí neamhspleácha agus na sochaí sóisialta. Molann an tAontas freisin an t-athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil ábhartha, lena n-áirítear an dlí cibearchoireachta agus na horduithe cosanta, agus tá sé faoi réir chun tacú leis an athbhreithniú ar na dlíthe sin, ionas go mbeidh siad i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

37bis. Is díol sásaimh don Aontas é gur bunaíodh coiste chun an earnáil phoiblí a nuachóiriú agus is díol sásaimh dó an amlíne uaillmhianach a leagadh síos chun treochlár a fhorbairt go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2022. Molann an tAontas na gníomhaíochtaí nithiúla atá á bhforbairt, agus tá sé faoi réir chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin, chun feabhas a chur ar sholáthar na seirbhíse poiblí, chun go mbeidh institiúidí poiblí éifeachtúla agus éifeachtacha ann agus chun rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú. Is díol sásaimh don Aontas freisin an t-idirphlé leanúnach ag údaráis na hIordáine le geallsealbhóirí ábhartha maidir le réimsí fáis a shainaithint do roinnt earnálacha eacnamaíocha tábhachtacha d'fhonn plean cuimsitheach eacnamaíoch a fhorbairt.

38. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé go n-áiritheofar spás sábháilte agus cumasúcháin, ar líne agus as líne araon, don tsochaí shibhialta, do na meáin agus d'iriseoirí ar féidir leo rannchuidiú le forbairt agus le nuachóiriú na tíre, agus molann sé don Iordáin creat fónta dlí a ghlacadh i ndáil leis sin. Á thabhairt dá aire dó na dúshláin a thuairiscítear a bheith ann don tsochaí shibhialta, molann an tAontas, agus tá sé de rún daingean aige i gcónaí déanamh amhlaidh, go dtacófaí le borradh a chur faoin tsochaí shibhialta mar chuid dá iarracht ar shochaithe síochánta, córa, cuimsitheacha agus daonlathacha a fhorbairt agus go dtacófaí le soláthar seirbhísí agus feasacht a mhúscailt faoin iarracht atá ar bun an pholaitíocht a nuachóiriú. Á admháil dó go bhfuil ábhair imní dlisteanacha ag an Iordáin maidir le slándáil agus frithsceimhlitheoireacht, is é fós tuairim an Aontais gurb é an leigheas is fearr ar an radacú agus ar an éagobhsaíocht sochaí oscailte, chuimsitheach agus athléimneach a bheith ann ina gcuirtear chun cinn agus ina gcosnaítear cearta uile an duine agus na saoirsí bunúsacha uile.

39. Molann an tAontas don Iordáin a creat dlíthiúil a neartú a thuilleadh chun go gcomhlíonfaidh sí go hiomlán caighdeáin Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta, ar páirtí ann an Iordáin, lena n-áirítear trí gach cineál céastóireachta agus drochíde a choiriúlú. Molann an tAontas don Iordáin an Prótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta a dhaingniú agus iarrann sé ar an Iordáin leanúint de na cásanna céastóireachta uile a líomhnaítear a imscrúdú agus na déantóirí a ionchúiseamh. Iarrann an tAontas freisin ar an Iordáin a chuid moltaí maidir leis an athbhreithniú tréimhsiúil uilíoch (UPR) a chur chun feidhme.

40. Molann an tAontas don Iordáin tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun comhionannas inscne a bhaint amach, chun cearta daonna na mban agus na gcailíní a fhíorú ina n-iomláine agus chun mná agus cailíní a chumhachtú, agus chun deireadh a chur le foréigean gnéis agus inscnebhunaithe. Sa chomhthéacs sin, mholfaimis go háirithe go ndíreofaí ar phósadh leanaí, ar luathphósadh agus ar phósadh éigeantais, agus ar 'coimeád cosantach', ar rochtain ar cheartas do mhná agus ar chur chun feidhme iomlán creata dlí lena gcosnófaí teachtadh chearta an duine ag mná agus íospartaigh an fhoréigin gnéis agus inscnebhunaithe. Tá an tAontas faoi réir chun tacú le Straitéis Náisiúnta na hIordáine do Mhná agus lena Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um chur chun feidhme Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil.

41. Molann an tAontas iarrachtaí na hIordáine cómhaireachtáil shíochánta reiligiúnach a choinneáil agus tá sé faoi réir chun tacú léi ina hiarrachtaí. Is díol sásaimh di na tionscnaimh lena ndéanfar iarracht an t-ilchultúrachas agus an éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn, ar dea-shampla iad freisin don réigiún ar fad.

42. Cé gur i mí an Mhárta 2017 a cuireadh i gcrích an bású ba dhéanaí, is oth leis an Aontas briseadh *de facto* an mhoratóra ar **phionós an bháis** in 2014 agus iarrann sé ar an Iordáin an moratóir a chur i bhfeidhm arís d'fhonn pionós an bháis a dhíothú ar deireadh.

43. Is fada leis an Aontas go ndéanfar creat dlíthiúil agus institiúideach na hIordáine a athchóiriú a mhéid a bhaineann le ceart an duine chun príobháideachais agus cosaint sonraí, agus tá sé faoi réir chun tacú le hiarrachtaí na hIordáine i ndáil leis an méid sin.

***An Chomhpháirtíocht Soghluaisteachta idir an tAontas Eorpach agus an Iordáin a chur chun feidhme***

44. Is saincheist trasghearrtha iad an imirce agus an tsoghluaisteacht sa chomhar idir an tAontas agus an Iordáin, lena n-áirítear i gcomhthéacs aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine, go háirithe ar mhná agus ar mhionaoisigh i staideanna leochaileacha. Is díol sásaimh don Aontas na tionscnaimh a gabhadh de láimh i gcomhthéacs na comhpháirtíochta soghluaisteachta agus molann sé go ndéanfaí iniúchadh gníomhach ar na deiseanna breise comhair sa chreat sin. Is díol sásaimh don Aontas gur cuireadh tús i mí na Samhna 2016 le plé déthaobhach maidir le héascú víosaí agus athligean isteach daoine atá ina gcónaí gan údarú, agus tá sé faoi réir le dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas caibidlíochta d'fhonn teacht ar chomhaontú cuimsitheach.